Oifig Faisnéise
Áras Talmhaíochta
Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2

Department of Agriculture, Food and the Marine
An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Press/Information Office
Agriculture House
Kildare Street
Dublin 2
D02 WK12

Tel: (01) 607 2802

Twitter:
E-mail: press@agriculture.gov.ie
Website: www.agriculture.gov.ie

Má bhíonn aon cheist agat faoin bpreasráiteas seo, déan teagmháil le press@agriculture.gov.ie

42/17 An 9ú Márta 2017

Seoladh an Bhirt Curaíochta TAMS II fógartha ag an Aire Creed

Tá Beart nua speisialaithe Curaíochta fógartha ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, Michael Creed TD, faoi TAMS II.

Is é an Beart Curaíochta seo an seachtú ceann as réimse beart atá ar fáil d'fheirmeoirí faoin Scéim Nuachóirithe Spriocdhírithe (TAMS II), atá ag teacht faoin gClár Forbartha Tuaithe 2014-2020 agus a fhaigheann cómhaoiniú ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (EAFRD).

Dúirt an tAire *"Tá an-áthas orm an beart nua seo a sheoladh mar chuid den scéim ar líne, TAMS II. De bharr an Fhóraim Geallsealbhóirí Curaíochta, is feasach dom na dúshláin atá roimh an earnáil curaíochta, toradh an fhómhair a bheith gann in 2016 san áireamh. Tá bearta infheistíochta caipitil i gceist leis an mbeart seo, rud a chuideoidh leis an earnáil tacú le húsáid an trealaimh agus na n-áiseanna is nua-aimseartha agus is éifeachtaí dá bhfuil ann chun cur ar chumas an fheirmeora curaíochta a bheith níos iomaíche."*

Ar na réimsí ar leith infheistíochta atá i gceist, tá Trealamh Curaíochta Íosmhéid Cuir Isteach, Spraeirí, Uisce Báistí a Shábháil, Stóráil Gráinní agus triomadóirí Gráin.

"Molaim do gach feirmeoir Curaíochta forálacha TAMS II a scrúdú. Táim muiníneach go gcuirfear bonn láidir faoi infheistíochtaí ar ghabháltais churaíochta de bharr an bhirt nua seo" a dúirt an tAire.

D'fhógair an tAire Creed go raibh leithdháileadh táscach €26m á chur ar fáil don Earnáil Curaíochta faoi théarmaí an bhirt nua le linn thréimhse iomlán an Chláir Forbartha Tuaithe. Is é an méid iomlán a leithdháileadh ar na scéimeanna éagsúla infheistíochta feirmeoireachta, faoi TAMS II, an beart Curaíochta san áireamh, ná €395m, ó thús deireadh an chláir.

Caithfidh an feirmeoir nó a Chomhairleoir údaraithe gach iarratas a dhéanamh ar líne. Dé hAoine an 30 Meitheamh 2017 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais faoin gcéad tráinse den bheart nua.

Tá tuilleadh eolais ar fáil ag: http://www.agriculture.gov.ie/farmerschemespayments/tams/

CRÍOCH